
An Coimisiún Eorpach

# Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (EMFF)

# Éire

## Éire- forbhreathnú



### Cósta agus calafoirt

Má ghlactar an fharraige san áireamh tá Éire ar cheann de na stáit is mó san AE: feidhmíonn sé tionchar díreach nó cearta eisiacha ar cheann de na cóimheasa farraige-le-talamh, 10:1. Is é 1 448 km fad cósta na hÉireann.

Ó thaobh geografaíocht de tá tionscal an iascaigh comhchruinnithe go mór mór ar chósta thiar na tíre agus i mbailte calafoirt i gceantair chósta an deiscirt agus an oirthir. Tá farraigí mórthimpeall na hÉireann fíorthábhachtach agus bhídís ina dtailte iascaigh riamh i leith a roinntear le hárthaigh a sheolann faoi mhórán bhratach éagsúil.

Is iad na príomhchalafoirt iascaigh ná na Cealla Beaga, Baile Chaisleáin Bhéarra, An Dún Mór Thoir, Bréantrá, Ros an Mhíl, Cé na Cille Móire agus An Caisleán Nua.

### Acmhainneacht

Náisiún na mara is ea Éire agus tá traidisiún fada iascaireachta aici. D'ainneoin an rannchuidithe bhig a chuireann sí leis an Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) tá ról tábhachtach ag an iascach i bhforbairt inbhuanaithe creatlaí eacnamaí agus creatlaí sóisialta an líon mór pobal beag faoin gcósta.

Tá gníomhaíochtaí dobharshaothraithe bunaithe mórthimpeall an chósta. Tugann siad deiseanna fostaíochta d'eacnamaíochtaí faoin gcósta agus cuireann siad leo. I bplean straitéiseach náisiúnta na hÉireann um dhobharshaothrú táthar ag súil le méadú dhá oiread a theacht ar tháirgeadh faoin mbliain 2023. Ba chabhair é na fadhbanna riaracháin atá ann i gcónaí maidir le ceadúnais a thabhairt d'fheirmeacha dobharshaothraithe atá ag oibriú i gceantair Natura 2000 nó in aice leo a réiteach, chun an sprioc seo a bhaint amach.

### Feidhmíocht eacnamaíoch agus Fostaíocht

- Sa bhliain 2013 bhí 2 246 árthach i gcabhlach iascaigh na hÉireann (bhí timpeall 9% díobh neamhghníomhach). Bhí olltonáiste 65 000 GT i dteannta a chéile acu agus ar an meán bhíodar 26 bliana d'aois.
- Sa bhliain céanna ba é toirt iomlán an bhia mhara a thug cabhlach na hÉireann i dtír ná timpeall 236 000 tonna dar luach iomlán EUR 250 milliún, an t-ochtú áit san AE.
- In earnáil an dobharshaothraithe tá Éire san cúigiú háit ó thaobh luacha de agus sa tseachtú háit ó thaobh toirte de, san AE. Is ionann sin agus luach táirgthe EUR 36 milliún nó mar sin, is é sin, 4% de tháirgeadh iomlán an AE.
- Tá tuairim is 6 400 post (coibhéis lánaimseartha) in earnáil an bhia mhara agus seasann an earnáil iascaigh féin do 2 800 post; tá beagnach 1 000 post i ndobharshaothrú agus tuairim is 2 600 ceann i bpróiseáil (coibhéis lánaimseartha i ngach cás).

# Clár Oibriúcháin na hÉireann

## Buiséad

**Iomlán (AE + ranníocaíocht náisiúnta):**
**€239 265 133**

**Ranníocaíocht an AE:**
**€147 601 979**
(2.6 % den Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh iomlán)

## Clúdaíonn an Clár Oibriúcháin an sé cinn de ‘Tosaíochtaí an Aontais’ atá sainmhínithe sa Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, go sonrach:

1. **iascach** a chur chun cinn atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, atá éifeachtach ó thaobh acmhainní de, atá nuálach agus iomaíoch agus atá bunaithe ar eolas;
2. **iascach** a chothú atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, atá éifeachtach ó thaobh acmhainní de, atá nuálach agus iomaíoch agus bunaithe ar eolas;
3. icur i ngníomh an **Chomhbheartas Iascaigh (CFP)**;
4. méadú ag teacht ar **fhostaíocht agus ar chomhtháthú críche**;
5. **margaíocht agus próiseáil** a chothú;
6. **Beartas Muirí Comhtháite (IMP)** a chur i ngníomh.

## 1. Iascach

### Cad faoi?

Tá dúshláin roimh an earnáil iascaigh i ndáil lena hinbhuanaitheacht ar an leibhéal bitheolaíochta agus eacnamaíochta araon. Cé go bhfuil feabhas ginearálta tagtha ar fheidhmíocht eacnamaíoch chabhlach iascaigh na hÉireann táthar imníoch go gcuirfeadh laghdú ar bhrabúis agus méadú ar chostais mar thoradh ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír faoin gComhbheartas Iascaigh athchóirithe ina choinne sin.

Is saintréith de chuid chabhlach na hÉireann é bloghadh (níl ach aon árthach amháin ag 83% d’fhiontair iascaigh sa tír seo) agus is saintréith eile gur árthaigh bheaga cuid mhór díobh seo: Tá 64% de líon iomlán na n-árthach faoi bhun 12 mhéadar ar fhad ach níor thugadar i dtír ach 2 % de luach iomlán na ngabhálacha a tugadh i dtír in 2013.

Is iad na cúig phríomh-spéiceas ó thaobh luacha de a thug cabhlach na hÉireann i dtír ná an scadán Atlantach, gliomach na hIorua, an faoitín gorm, an bolmán gorm agus an bolmán Atlantach.

### Sprioc an Chlár Oibriúcháin


Is é is sprioc do chistiú an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh ná stad eacnamaíoch na hearnála iascaigh a neartú agus ag an am céanna a chinntiú go gcosnaítear an timpeallacht mhuirí. Cabhróidh an Clár Oibriúcháin chun cumas an chabhlaigh a a chur in oiriúint do na hacmhainní atá ar fáil agus tacú leis an gcabhlach iascaigh chun an oibleagáid á comhlíonadh gach gabháil a thabhairt i dtír. Lena chois sin déanfar infheistiú i mbonneagar calafoirt. Tugtar suntasacht níos mó do dheighleog an iascaigh mhionscála faoi Chlár Oibriúcháin an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh ar leibhéal na hionadaíochta agus an chistithe araon.

### Príomhthoradh

Earnáil iascaigh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, na heacnamaíochta agus cúrsaí sóisialta de.

### Buiséad:

**Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh:**
**EUR 33 500 000**
**Ranníocaíocht Náisiúnta: EUR 33 500 000**
(28% d’iomlán leithdháileadh an Chlár Oibriúcháin)



## 2. Dobharshaothrú

### Cad faoi?

Tá gníomhaíochtaí dobharshaothraithe ar siúl mórthimpeall an chósta ar fad agus líon fíormhór acu i nDún na nGall, Gaillimh, Ciarraí, Port Láirge, Loch Garman, Wand agus Corcaigh agus Loch Cairlinn. Dobharshaothrú muirí cois chladaigh is ea mórchuid an dobharshaothraithe in Éirinn (iasc agus iasc sliogáin). Tá tionscnaimh chun dobharshaothrú amach ón gcósta a fhorbairt (feirmeacha bradáin domhainfharraige) idir lámha cé gur cuireadh imní in iúl faoi thionchar a d’fhéadaidís imirt ar an gcomhshaol.

Sa bhliain 2013 is ó iasc eite (bradán Atlantach, breac dhea-dhathach, ruabhreac Artach, péirse Eorpach agus turbard) a táirgeadh 30% den toirt agus ba ionann sin agus 63% den luach. Is as feirmeoireacht orgánach a thagann tuairim is 83% den táirgeadh bradáin bliantúil. Maidir le hiasc sliogáin (diúilicín, oisre an Aigéin Chiúin, oisre Eorpach coiteann, agus níos lú díobh seo: múirín mór, breallach, cluas mhara agus cuán mara) tagann 70% den toirt uathu ach ní hionann sin ach 37% den luach.

### Sprioc an Chlár Oibriúcháin


Tacóidh cistiú an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh le Plean Straitéiseach Náisiúnta na hÉireann atá dírithe ar bhorradh a chur faoin earnáil dhobharshaothraithe. Tacófar le trí phríomhréimse: táirgeadh dobharshaothraithe inbhuanaithe (m. sh. gnáth-tháirgeoirí a spreagadh chun bogadh go táirgeadh orgánach; cabhrú chun feirmeoirí dobharshaothraithe nua a bhunú; infheistiú in éifeachtacht fuinnimh a mhéadú); eolas, nuáil agus teicneolaíocht nua (chun tionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus chun spleáchas ar mín éisc agus íle éisc a laghdú; agus chun speicis dhobharshaothraithe nua a fhorbairt/a thabhairt isteach a bhfuil acmhainneacht mhargaidh mhaith acu), agus rialachas níos éifeachtaí ar phleanáil mhuirí.

### Príomhchuspóir

Meastar go beidh dhá oiread an táirgeadh dobharshaothraithe ann faoin bhliain 2023 agus é ag cur leis an soláthar bia, le honnmhairiú agus le fostaíocht.

### Buiséad:

**Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh:**
**EUR 14 900 000**
**Ranníocaíocht Náisiúnta: EUR 14 900 000**
(12.5% d’iomlán leithdháileadh an Chlár Oibriúcháin)



## 3. An Comhbheartas Iascaigh (CFP)

### Cad faoi?

Tá Institiúid Mhuirí na hÉireann freagrach as stoc éisc a bhainistiú agus as cláir bhailiúchán sonraí a bhailíonn eolas eolaíoch chun sonraí bitheolaíochta agus eacnamaíochta ar leibhéil ghabhála i dtaobh speiceas tábhachtach tráchtála a mheas. Is í an Ghníomhaireacht Chosanta Iascach Farraige a dhéanann gníomhaíochtaí rialuithe agus forfheidhmithe i gcomhar leis an Aerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh.

### Sprioc an Chlár Oibriúcháin


Caitear cuid mhór den gcistiú ó Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh ar bhailiúchán sonraí. Úsáidfear é chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar iniúchadh riosca-bhunaithe na ngníomhaíochtaí iascaigh agus chun comhar idir na ballstáit a chur chun cinn d'fhonn éifeachtacht rialaithe agus iniúchta ar iascach in Éirinn agus ag leibhéal an AE a chinntiú. Áiritheofar bailiúchán agus bainistiú sonraí níos éifeachtaí, rud as a leanfaidh go ndéanfar measúnú eolaíoch stoc níos fearr agus go bhfaighfear eolas ar staid na timpeallachta muirí.

### Príomhthoradh

Le cistiú an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh tacófar le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí atá riachtanach don gComhbheartas Iascaigh agus chun rialú, iniúchadh agus córas forfheidhmithe a chur i ngníomh.

### Buiséad:

**Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh:**
**EUR 69 790 720**
**Ranníocaíocht Náisiúnta: EUR 15 133 482**
(35.5% d'iomlán leithdháileadh an Chlár Oibriúcháin)



## 4. Straitéisí forbartha áitiúla faoi threoir an phobail

### Cad faoi?

Tá na gníomhaíochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe ar siúl go mór mór faoin gcósta, áit a freastalaíodh air ina hiomláine ag sé cinn de ghrúpaí gnímh áitiúla (FLAGanna) a bunaíodh faoi Chiste Eorpach Iascaigh 2007-2013. Tá cónaí ar bhreis is leathchuid de phobal na hÉireann laistigh de 15 km ón gcósta, rud a thugann ról tábhachtach do phobail faoin gcósta in eacnamaíocht na hÉireann.

Is iad na dúshláin is mó nach mór d'earnáil iascaigh na hÉireann aghaidh a thabhairt orthu trína gcuid straitéiseacha forbartha áitiúla faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh ná foinsí ioncaim agus poist nua a chruthú; turasóireacht mhuirí agus éiceathurasóireacht a chur chun cinn, leas a bhaint as an mbithéagsúlacht agus as gnáthóga faoi chosaint agus sinergíochtaí a ghiaráil le tionscnaimh turasóireachta náisiúnta/áitiúla; agus borradh a chur faoi acmhainneacht ghnó an 1 318 n-árthach iascaigh cósta.

### Sprioc an Chlár Oibriúcháin

Tacóidh an Cistiú Eorpach Muirí agus Iascaigh le tograí faoi cheannas pobal áitiúil chun seasamh an iascaigh agus an dobharshaothraithe a atreisiú ó thaobh fáis ghoirm de, agus chun sócmhainní comhshaoil na gcríocha faoin gcósta a chur chun cinn. Chun éifeacht an chistithe a uasmhéadú spreagfar FLAGanna chun obair go dlúth le grúpaí LEADER. Lena chois sin beidh tacaíocht ar fáil leis, do FLAGanna ar mian leo tograí idir-chríche agus trasteorannacha a thabhairt ar aghaidh.

### Príomhthoradh

Poist nua a chruthú, luach a chur le gníomhaíochtaí iascaigh agus eacnamaíochtaí áitiúla atá ag brath ar iascach agus dobharshaothrú a éagsúlú.

### Buiséad:

**Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh:**
**EUR 6 000 000**
**Ranníocaíocht Náisiúnta: EUR 6 000 000**
(5% d'iomlán leithdháileadh an Chlár Oibriúcháin)



## 5. Margaíocht agus próiseáil

### Cad faoi?

Bhí 164 fhiontar próiseála éisc i dtionscal próiseála na hÉireann sa bhliain 2013. Cuideachtaí beaga ag a raibh níos lú ná 10 bhfostaí ab ea formhór díobh (53 %). Is iad na dúshláin is mó atá roimh an earnáil phróiseála ná an deacracht teacht ar airgeadas, bloghadh agus easpa scála, chomh maith le gá a bheith ann leis an luach a chuirtear le táirgí a mhéadú. Is tapúla atá méadú tagtha ar onnmhairiú ó thaobh luacha agus toirte de ná ar allmhairiú le blianta beaga anuas, rud a chuireann dealramh dóchasach ar thrádáil thráchtála earraí bia fharraige na hÉireann laistigh agus lasmuigh den AE araon.

### Sprioc an Chlár Oibriúcháin


Cumasóidh cistiú ó Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh comhoibriú idir fiontair bheaga agus meánmhéide phróiseála. Cuirfidh sé borradh faoina gcumas iomaíochta agus nuála; tacóidh sé le hearraí nua a fhorbairt ó speicis thearcúsáidte/neamhthráchtála; feabhsóidh sé cáilíocht, sláinteachas agus inrianaitheacht; agus laghdóidh sé costais fuinnimh. Tacófar le heagraíochtaí táirgeoirí maidir le ról níos mó a ghlacadh i dtáirgeadh agus i margaíocht a gcuid táirgí. Lena chois sin éascófar bunú eagraíochtaí táirgeora, go háirithe in earnálacha an dobharshaothraithe agus an iascaigh chladaigh.

### Príomhthoradh

Cumas iomaíochta agus inbhuanaitheacht fiontair phróiseála bia mhara a fheabhsú.

### Buiséad:

**Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh:**
**EUR 17 281 587**
**Ranníocaíocht Náisiúnta: EUR 16 000 000**
(14% d'iomlán leithdháileadh an Chlár Oibriúcháin)



## 6. An Comhbheartas Muirí (IMP)

### Cad faoi?

Is é atá i gceist leis an gComhbheartas Muirí ná cur chuige níos comhtháite a chur ar fáil i leith saincheisteanna muirí trí chomhordú a mhéadú idir na réimsí beartais éagsúla. Cuireann Éire a lán béime ar shonraí agus eolas muirí i ndáil leis an dTreoir um an gCreat-treoir Straitéise Mara (2008/56/CE) agus ar phleanáil mhuirí spásúil.

### Sprioc an Chlár Oibriúcháin

Tacóidh cistiú an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh le bailiú sonraí agus roinnt eolais faoi staid na timpeallachta muirí agus méadóidh sé an comhordú idirghníomhaireachta agus roinnt eolais eatarthu ar an leibhéal náisiúnta, an AE agus idirnáisiúnta. Lena chois sin tacóidh an cistiú le pleanáil mhuirí spásúil trí eolas cruinn spásúil agus ama a léarscáiliú ar éiceachórais mhuirí agus ar ghníomhaíochtaí duine in uiscí na hÉireann atá cothrom le dáta.

### Na Príomhthorthaí

Caomhnú na timpeallachta muirí agus a cuid acmhainní.

### Buiséad:

**Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh:**
**EUR 5 334 672**
**Ranníocaíocht Náisiúnta: EUR 5 334 672**
(4.5% d'iomlán leithdháileadh an Chlár Oibriúcháin)



Leithdháileadh an chuid eile de leithdháileadh an Chlár Oibriúcháin, is é sin, EUR 795 000 agus leithdháileadh náisiúnta dar luach EUR 795 000, faoi 'Cúnamh Teicniúil an Chlár Oibriúcháin'.

### Simpliú

Is é is aidhm dó ná feabhas a chur ar idir-inoibritheacht idir seirbhísí riaracháin náisiúnta d'fhonn an t-ualach riaracháin a bheadh ar thairbhí a laghdú.

Cuireann an t-údarás bainistíochta agus na comhlachtaí idirmheánacha na gníomhaíochtaí i ngníomh chun feabhas a chur ar éifeachtacht riarachán an chláir. Chuige seo bainfear úsáid as na bearta seo a leanas: feidhmchlár agus córas rianaithe nua ar líne a chur i bhfeidhm chun cabhrú le hiarrthóirí féideartha; suíomh gréasáin agus córas TF tiomanta a chur suas chun monatóireacht éifeachtach a éascú; córais TF nua a fhorbairt chun láithreacha dobharshaothraithe ceadúnaithe a léarscáiliú ó thaobh spáis de, agus láithreacha a d'fhéadfadh a bheith ar fáil do dhobharshaothrú, b'fhéidir; costais shimplithe a thabhairt isteach mar chuid den bhfíorú caiteachais; agus oiliúint a chur ar fáil do chomhlachtaí riaracháin.

### Sineirgíochtaí

Déantar comhordú na gcistí a áirithiú trí shainstruchtúir (coistí um chomhordú, measúnú agus monatóireacht) agus trí líonraí téamacha (cumarsáid, taighde, forbairt agus nuálaíocht, cúrsaí uirbeacha, comhshaoil, comhdheiseanna, comhtháthú sóisialta, cúrsaí tuaithe, cúrsaí iascaigh). Díreofar gach Ciste Eorpach Struchtúrtha agus Infheistíochta go háirithe ar Fhiontair Bheaga agus Meánmhéide.

Leis na cistí Eorpacha Struchtúrtha agus Infheistíochta tabharfar faoi mhórán de na moltaí beartais a rinneadh i gcomhthéacs an Seimeastair Eorpaigh, m. sh. infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal daonna, cabhrú le daoine - go háirithe leis an aos óg - teacht isteach sa mhargadh saothair, teacht ar airgeadas a dhéanamh níos éasca d'Fhiontair Bheaga agus Meánmhéide agus an straitéis nua náisiúnta um thaighde, forbairt agus nuáil a chur i ngníomh.

## Scéalta ratha

### Forbairtí táirgiúla i ndobharshaothrú: forbairt láthair feirmeoireachta oisrí nua

Ba í sprioc an togra ná feirm oisre nua a fhorbairt i nDún na nGall. Tá i gceist ag an oibreoir suas go 500 tonna d'oisrí speciale a tháirgeadh faoi dheireadh thiar, go mór mór do mhargadh an AE. Tá stoc oisrí nuaghinte ar an láthair faoi láthair le haghaidh fáis agus tá 10 bhfostaí ann ach tá sé i gceist 18 nduine a fhostú nuair a oibreoidh an láthair ag lán a hacmhainneachta.

**Costas iomlán an togra: €244 712 (cistiú ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh: €48 942)**

### Stoc gliomaigh a chaomhnú - v-eang a dhéanamh

Thacaigh le v-eang a chur ar 13 807 ngliomach baineann in 2014, chun iad a chur ar ais sa bhfarraige chun go gcuirfí le hacmhainneacht sceathraí an stoc gliomaigh. Cabhraíonn dlíthe leis an mbeart seo a chuireann cosc ar gliomaigh ar a bhfuil v-eang a ghabháil.

**Costas iomlán an togra in 2014: €160 243 (cistiú ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh: €42 886)**

### Próiseáil bhia fharraige breisluacha

Tacaíonn sé le Fiontar beag agus meánmhéide bia farraige a bhfuil fás mear air, d'fhonn limistéar ardchúraim a cheannach agus a fheistiú chun táirgeadh bia farraige breisluacha a mhéadú. Cuirtear 15 phost nua lánaimseartha leis dá thoradh, maraon le méadú ar a acmhainneacht táirgí bia farraige breisluacha a tháirgeadh.

**Costas iomlán an togra: €660 000 (cistiú ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh: €99 000)**

## Tuilleadh eolais

- Gnóthaí Iascaigh an Choimisiún Eorpaigh
- Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh
- An Rannóg um Ghníomhaireachtaí & Cláir Mhuirí
- Plean náisiúnta ilbhliantúil um dhobharshaothrú